Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/90100

21.11.2025

**Ceartúchán ar Ghlao ar thograí 2026 – EAC/A12/2025 – Clár Erasmus+**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C, C/2025/6080, 12 Samhain 2025)*

**'GLAO AR THOGRAÍ 2026 — EAC/A12/2025**

**Clár Erasmus+**

(C/2025/6080)

1. **Réamhrá agus Cuspóirí**

Tá an glao seo ar thograí bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear 'Erasmus+': Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt ([1]): (dá ngairtear 'Rialachán Erasmus+' anseo feasta), agus ar Chlár Oibre Bliantúil 2026 Erasmus+ (C(2025) 7358) freisin. Cumhdaíonn Clár Erasmus+ an tréimhse 2021 go 2027. Liostaítear cuspóirí ginearálta agus sonracha Chlár Erasmus+ in Airteagal 3 de Rialachán Erasmus+.

2. **Gníomhartha**

Cumhdaítear leis an nglao seo ar thograí na gníomhartha seo a leanas de chuid Chlár Erasmus+:

Príomhghníomh 1 – Soghluaisteacht foghlama daoine aonair:

- Soghluaisteacht daoine aonair i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige
- Gníomhaíochtaí Óige
- DiscoverEU – Gníomh um Chuimsiú
- Soghluaisteacht foirne i réimse an spóirt
- Malartuithe Fíorúla Erasmus+

Príomhghníomh 2 – Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

- Comhpháirtíochtaí le haghaidh Comhair:
  - Comhpháirtíochtaí Comhair
  - Comhpháirtíochtaí Mionscála
  - Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Fhorbairt Scoileanna
- Comhpháirtíochtaí Barr Feabhais:
  - Ionaid Barr Feabhais Gairme
  - Gníomh Erasmus Mundus
- Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíochta:
  - Comhghuaillíochtaí le haghaidh nuálaíochta
- Fothú acmhainneachta i réimse an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt
- Imeachtaí Spóirt Seachbhrabúsacha Eorpacha

Príomhghníomh 3 – Tacaíocht don fhorbairt beartas agus don chomhar

- Óige na hEorpa le Chéile

Gníomhartha Jean Monnet:

- Gníomhartha Jean Monnet i réimse an ardoideachais
- Gníomhartha Jean Monnet i réimsí eile oideachais agus oiliúna
- Díospóireacht bheartais Jean Monnet

([1]) IO L 189, 28.5.2021, lch. 1.

3. **Incháilitheacht**

Féadfaidh aon chomhlacht príobháideach nó poiblí atá gníomhach i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt iarratas a chur isteach ar chistiú laistigh den Chlár Erasmus+. Ina theannta sin, féadfaidh grúpaí daoine óga atá gníomhach san obair don óige, ach nach gá gur i gcomhthéacs eagraíochta óige atá an obair sin á déanamh, iarratas a dhéanamh ar chistiú le haghaidh soghluaisteacht foghlama daoine óga agus oibrithe don óige, le haghaidh gníomhaíochtaí óige agus le haghaidh Ghníomh um Chuimsiú DiscoverEU.

Is féidir leis na tíortha seo a leanas páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhartha uile Chlár Erasmus+ ([2]):

— 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh agus tíortha agus críocha thar lear,

— tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár:

  — tíortha CSTE/LEE: An Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua,

  — Tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas: Poblacht na Tuirce, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia ([3]).

Ina theannta sin, tá gníomhartha áirithe de chuid Chlár Erasmus+ oscailte d'eagraíochtaí ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

Féach Treoirleabhar Chlár Erasmus+ 2026 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na módúlachtaí maidir le rannpháirtíocht.

4. **Buiséad agus fad na dtionscadal**

Tá buiséad measta EUR 4 473,447 milliún curtha i leataobh don ghlao seo ar thograí:

| | |
|---|---|
| Oideachas agus Oiliúint (Gníomhartha Jean Monnet san áireamh): | EUR 3 977,562 milliún |
| An óige: | EUR 421,8315 milliún |
| Spórt: | EUR 74,053 milliún |

An buiséad iomlán atá curtha i leataobh don ghlao ar thograí, chomh maith le leithdháileadh an bhuiséid sin, tugtar le fios é i gClár Oibre Bliantúil 2026 Erasmus+, a glacadh an 5 Samhain 2025, agus féadfar é a mhodhnú faoi réir leasú a dhéanamh ar Chlár Oibre Bliantúil Erasmus+. Iarrtar ar iarratasóirí féideartha breathnú go rialta ar Chlár Oibre Bliantúil Erasmus+ agus ar na leasuithe a dhéantar air, a fhoilsítear ar:

https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/annual-work-programmes_ga

Is éagsúil na deontais a bhronntar agus fad na dtionscadal, ag brath ar thosca amhail an cineál tionscadail, an cineál iarratasóra atá incháilithe, agus líon na gcomhpháirtithe lena mbaineann.

An obair a dhéanann saorálaithe faoi ghníomh ar leith, féadfaidh na tairbhithe costais as an obair sin a dhearbhú ar bhonn na gcostas aonaid a údarófar agus a shaineofar i gcomhréir le Cinneadh (2019)2646 ón gCoimisiún. Féach Treoirleabhar Chlár Erasmus+ chun treoracha mionsonraithe a fháil maidir le hincháilitheacht chostais an tsaorálaí.

5. **An sprioc-am le hiarratais a chur isteach**

Is ag am na Bruiséile a shocraítear na sprioc-amanna ar fad leis na hiarratais a shonraítear thíos a chur isteach.

| **Príomhghníomh 1** | |
|---|---|
| Soghluaisteacht daoine aonair i réimse an ardoideachais | 19 Feabhra 2026 ar 12:00 |
| Soghluaisteacht daoine aonair i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, i réimse an oideachais scoile agus i réimse an oideachais aosaigh | 19 Feabhra 2026 ar 12:00 |
| Soghluaisteacht foirne i réimse an spóirt | 12 Feabhra 2026 ar 12:00 |

([2]) Tá gníomhartha Jean Monnet oscailte d'eagraíochtaí ar fud an domhain.
([3]) Faoi réir shíniú na gComhaontuithe Comhlachais déthaobhacha.

| | |
|---|---|
| Soghluaisteacht idirnáisiúnta lena mbaineann tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár | 19 Feabhra 2026 ar 12:00 |
| Creidiúnuithe Erasmus sa ghairmoideachais agus sa ghairmoiliúint, san oideachas scoile agus san oideachas aosach | 29 Meán Fómhair 2026 ar 12:00 |
| Creidiúnuithe Erasmus i réimse na hóige | 29 Meán Fómhair 2026 ar 12:00 |
| Soghluaisteacht daoine aonair i réimse na hóige | 12 Feabhra 2026 ar 12:00 |
| Soghluaisteacht daoine aonair i réimse na hóige | 1 Deireadh Fómhair 2026 ar 12:00 |
| Gníomh um Chuimsiú DiscoverEU | 12 Feabhra 2026 ar 12:00 |
| Malartuithe Fíorúla Erasmus+ | 26 Márta 2026 ar 17:00 |

| **Príomhghníomh 2** | |
|---|---|
| Comhpháirtíochtaí comhair i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige, seachas iad siúd a chuireann eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha isteach | 5 Márta 2026 ar 12:00 |
| Comhpháirtíochtaí comhair i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige, a chuireann eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha isteach | 5 Márta 2026 ar 17:00 |
| Comhpháirtíochtaí comhair i réimse an spóirt | 5 Márta 2026 ar 17:00 |
| Comhpháirtíochtaí mionscála i réimsí an oideachais scoile, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais aosaigh agus na hóige | 5 Márta 2026 ar 12:00 |
| Comhpháirtíochtaí mionscála i réimse an spóirt | 5 Márta 2026 ar 17:00 |
| Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Fhorbairt Scoileanna | 9 Aibreán 2026 ar 12:00 |
| Ionaid Barr Feabhais Gairme | 3 Meán Fómhair 2026 ar 17:00 |
| Gníomh Erasmus Mundus | 12 Feabhra 2026 ar 17:00 |
| Comhghuaillíochtaí le haghaidh Nuálaíochta | 10 Márta 2026 ar 17:00 |
| Fothú acmhainneachta i réimse an Ardoideachais | 10 Feabhra 2026 ar 17:00 |
| Fothú acmhainneachta i réimse an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna | 26 Márta 2026 ar 17:00 |
| Fothú acmhainneachta i réimse na hÓige | 26 Feabhra 2026 ar 17:00 |
| Fothú acmhainneachta i réimse an Spóirt | 5 Márta 2026 ar 17:00 |
| Imeachtaí Spóirt Áitiúla Eorpacha | 5 Márta 2026 ar 17:00 |
| Imeachtaí Eorpacha Mórscála | 22 Eanáir 2026 ar 17:00 |

| **Príomhghníomh 3** | |
|---|---|
| Óige na hEorpa le Chéile | 26 Feabhra 2026 ar 17:00 |

| | |
|---|---|
| **Gníomhartha agus Líonraí Jean Monnet** | 3 Feabhra 2026 ar 17:00 |

Féach Treoirleabhar Chlár Erasmus+ le haghaidh treoracha mionsonraithe maidir le hiarratais a chur isteach.

6. **Sonraí iomlána**

Tá coinníollacha mionsonraithe an ghlao seo ar thograí, agus tosaíochtaí san áireamh, le fáil i dTreoirleabhar Chlár Erasmus+ 2026 ag an seoladh idirlín seo a leanas:

https://erasmus-plus.ec.europa.eu/ga/erasmus-programme-guide

Tá Treoirleabhar Chlár Erasmus+ ina dhlúthchuid den ghlao seo ar thograí agus tá feidhm iomlán maidir leis an nglao seo ag na coinníollacha rannpháirtíochta agus cistithe a chuirtear in iúl ann.'.